Réamhrá

Tá an tsábháilteacht mar thosaíocht ag Rith, agus déantar cinnte de go mbíonn gach duine a ghlacann páirt ann slán, bíodh siad ag rith iad féin nó ag breathnú air. Bíonn seaicéid bhuí á gcaitheamh ag na reathaí i gcónaí, bíonn veain agus carr na nGardaí i dteannta na reathaí, agus bíonn maoir ar fáil chun an slua a stiúradh.

Ní mór, áfach, labhairt leis na páistí faoi chúrsaí sábháilteachta bóthair roimh ré, agus is deis mhaith í ceachtanna bunaithe ar shábháilteacht bhóthair a dhéanamh, mar gur féidir leo an t-eolas a chur i bhfeidhm go praiticiúil ina dhiaidh sin. Fiú muna bhfuil an scoil ar chúrsa Rith 2012 agus ag glacadh páirte ann, tá neart deiseanna ann ceachtanna faoi shábháilteacht a dhéanamh, mar go gcuireann na híomhánna agus na físeáin comhthéacs réalaíoch ar fáil mar spreagadh.

Tá an ceacht seo oiriúnach do rangleibhéal ar bith sa bhunscoil, ach na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint d'aois agus do chumas na bpáistí.

Cuspóirí

- Go mbainfidh na páistí taitneamh as an gceacht.
- Go mbeadh tuiscint agus feasacht níos fearr ag na páistí ar conas a bheith slán sábháilte ar an mbóthar agus ar an rothar.
- Go mbeadh na páistí in ann an bóthar a thrasnú i gceart.
- Go mbeadh an chód sábhála ar eolas ag gach páiste.
- Go n-aithneodh na páistí na baoil eágsúla gur féidir tarlúint ar an mbóthar agus iad ag siúl nó ag rothaíocht

Acmhainní

- Pacáiste Rith 2012
  - Grianghraif Rith 2010
  - Bileoga Oibre: Aonad 3 > Sábháilteacht: Uimh. 1-4
- Ceangal idirlíon: http://rsa.ie/ga-IE/RSA/Sabhailteacht-ar-Bhoithre/Feachtais/Feachtais-sa-Chartlann/An-Cod-Sabhala/

Cur chuige: roinnt moltaí

Ní gá na gníomhaíochtaí seo ar fad a dhéanamh san ord ina bhfuil siad luaite. Níl ann ach roinnt smaointe, le cur in oiriúint do chumas agus spéis na bpáistí.

- Taispeáin an PowerPoint: **Grianghraif Rith 2010**. Spreag na páistí le labhairt fúthu agus nithe a bhaineann le sábháilteacht a thabhairt faoi deara. *Cén fáth a bhfuil seaicéid bhuí ar na páistí? Cén fáth a bhfuil veain ann? Cad atá á rá ag an madra dearg leis na páistí, meas tú?* An bhfeiceann siad aon rud a cheapann siad nach bhfuil sábháilte?
- Spreag tuiscint i measc na bpáistí ar conas ba choir dóibh iad féin a iompar ar chosán.
  - *Ba chóir stopadh ag an gcolbha sula dtéann tú trasna an bhóthair.*
  - *Coinnigh amach ón gcolbha - fan ar an gcosán.*
  - *Bíodh greim láimhe agat ar dhuine éigin.*

- *Siúil go socair*
- *Ná rith, ná bí ag súgradh agus ná déan moill.*
- *Tuig gur féidir le feithiclí teacht an-ghar agus uaireanta go dtéann siad in airde ar an gcosán.*

❖ Pléigh cén áit a mbeadh sábháilte chun an bhóthar a thrasnú.
- Ar dtús, aimsigh trasrian cosanta m.sh. trasrian síogach, trasrian le firín glas nó trasrian eile do choisithe.
- Muna féidir leat ceann a fháil, aimsigh áit inar féidir leat an trácht a fheiceáil agus inar féidir le tiománaithe tusa a fheiceáil.

❖ Bain úsáid an **Bileoga Oibre 1 agus 2** chun an cód sábhála ó thaobh trasnú an bhóthair a fhoghlaim agus a chleachtadh.

❖ Téigh go http://rsa.ie/ga-IE/RSA/Sabhailteacht-ar-Bhoithre/Feachtais/Feachtais-sa-Chartlann/An-Cod-Sabhala/ agus seinn an t-amhrán An Cód Sábhála don rang. Is é an leagan Béarla atá san fhíseán, ach is féidir éisteacht leis an leagan Gaeilge thíos faoi, ach cliceáil ar an nasc cuí.



❖ Tá na focail ar **Bhileog 3,** agus ar phóstaeir atá le híoslódáil ón leathanach idirlín céanna.

❖ Pléigh cén chaoi ar féidir linn fanacht sábháilte agus sinn ar ár gcuid rothair? M.sh. *clogad a chaitheamh, comharthaí láimhe a thabhairt agus a úsáid agus sinn ag casadh ar dheis. Cleacht na comharthaí láimhe le drámaí agus mím.*

❖ Abair agus foghlaim an dán Baol an Bhóthair – **Bileog 4**.

❖ Iarr ar Gharda nó Maor Scoile teacht ar cuairt chuig an rang agus labhairt leis an rang faoi shábháilteacht bhóthair.

❖ Spreag na páistí chun póstaeir agus fógraí maidir le sábháilteacht bhóthair a dhearadh agus a chrochadh sa scoil.

❖ Déan ról imirt ar shuíomh dainséarach agus suíomh sábháilte.

❖ Téigh ar shiúlóid áitiúil chun an cód sábhála a chleachtadh.

Tuilleadh eolais agus acmhainní

www.rith.ie	Tuilleadh eolais faoi Rith 2012, conas páirt a ghlacadh, comórtais srl.
www.rsa.ie	Acmhainní eile oideachais do scoileanna faoi shábháilteacht bhóthair.
Bí Slán	Clár O.S.P.S. do bhunscoileanna – ceachtanna faoi shábháilteacht bhóthair.